**Lá a Dó**

Ranganna Sinsearacha (Rang 5 agus Rang 6)

Seachtain na Food Dudes

# Bileog Ghníomhaíochta Eolaíochta

**Baineann an áis seo le físeán lá a dó Sheachtain na Food Dudes don leibhéal sinsearach. Baineann an áis seo leis an gcuraclam Eolaíochta do dhaltaí Rang 5 agus Rang 6.**

## Físteachtaireacht:

Tugtar míniú i bhfíseán lá a dó don leibhéal sinsearach ar na cineálacha éagsúla torthaí agus glasraí atá ann, agus mínítear cén áit as a dtagann siad.

Baineann na gníomhaíochtaí seo leis an **réimse curaclaim:**

Eolaíocht: Rudaí beo > beatha phlandúil agus ainmhíoch > Próisis na beatha

## Príomhthorthaí Foghlama:

Ba chóir daltaí Rang 5 agus Rang 6 a chumasú chun:

- ✔ Roinnt dóigheanna ina ndéanann plandaí atáirgeadh go fásúil a thuiscint: glasraí reatha, tiúbair, bleibíní

## Treoirlínte don Mhúinteoir:

Is féidir an bhileog eolais seo a leanas a phriontáil amach do na daltaí.

# Bileog Ghníomhaíochta Eolaíochta



**Cuidigh le Razz a thuiscint conas a dhéanann torthaí agus glasraí atáirgeadh agus conas a fhásann siad.**

Is féidir cuid mhór plandaí a fhás trí shíolta a phéacadh nó trí bhleibíní nó tiúbair a fhás. Is féidir gearrthóga a bhaint de phlandaí agus iad a bheangú (a nascadh) le stoc planda eile freisin.

## Péacadh

Péacadh atá ann nuair a fhásann planda nua amach as síol. Tá trí rud de dhíth chun go dtarlóidh péacadh:

- **Ocsaigin:** tá sí seo de dhíth do riospráid, a chuireann fuinneamh ar fáil do chilldeighilt agus d'fhás an tsutha.
- **Uisce:** ataíonn na síolta (éiríonn siad níos mó) agus is féidir leis na himoibrithe ceimiceacha uile tarlú atá ag teastáil chun go bhfásfaidh an suth.
- **Teas:** tá sé seo de dhíth chun go ndéanfaidh na heinsímí riospráid agus cilldeighilt.


**OUT = Ocsaigin, Uisce, Teas**

De réir mar a fhásann planda nua, fásann na fréamhacha agus glacann siad uisce agus mianraí isteach ón ithir. Fásann duilleoga ar na péacáin agus déanann na duilleoga fótaisintéis chun bia a dhéanamh don phlanda.

## Iomadú fásúil

Tá cuid mhór plandaí ann a dhéanann clóin díobh féin, agus ansin fásann na clóin ina bplandaí neamhspleácha. Is iad na géinte ceannann céanna atá sa bhunphlanda agus sna clóin. Tugtar iomadú fásúil, nó atáirgeadh fásúil, ar an bpróiseas seo. Tarlaíonn iomadú fásúil ar bhealaí éagsúla. Bealach amháin ná bloghadh – nuair a bhriseann píosa de phlanda den bhunphlanda, seans go bhfásfaidh sé ina phlanda iomlán, nua.

Maidir leis na bealaí eile, bíonn tiúbair, plandaí reatha nó bleibíní i gceist. Is struchtúir speisialaithe iad seo. Tá buntáistí leis an gcineál seo atáirgthe, a tharlaíonn go nádúrtha agus go saorga araon. Tarlaíonn atáirgeadh mar seo níos tapúla ná iomadú síolta, agus is féidir le planda ina bhfuil géinte níos fearr ná mar atá i bplandaí eile cóipeanna de féin a dhéanamh gan srian.




### Tiúbair

Fásann tiúbair faoin talamh. Is cuid den ghas iad a fhásann go han-mhór. Is cineál de stóras é an tiúbar freisin. Is tiúbar é an práta. Fásann duilleoga beaga bídeacha ar a bhfuil bachlóga ar dhromchla an tiúbair – is mar sin a dhéanann sé iomadú air féin. Is féidir le gach ceann de na bachlóga seo fás ina planda nua agus bíonn na géinte ceannann céanna ann is atá sa bhunphlanda.




# Bileog Ghníomhaíochta Eolaíochta





## Plandaí reatha

Is gais chaola iad plandaí reatha a fhásann go cothrománach amach as an mbunplanda. Is planda reatha é an sú talún. Is féidir le plandaí nua fás amach as nóid atá ar an bplanda reatha. Féadfaidh fréamhacha agus péacáin nua fás amach as gach nód.




## Bleibíní

Is bachlóga iad bleibíní a fhásann faoin talamh agus tá cruth sféarach orthu, a bheag nó a mhór. Is bleibín é an t-oinniún. Tá na gais gairid agus fásann duilleoga ramhra amach astu. Tá roinnt bachlóg i ngach bleibín agus féadfaidh plandaí nua fás amach as na bachlóga.



## Gearrthóga a bhaint

Is é an bealach is fearr chun iomadú a dhéanamh ar phlanda ná gearrthóg a bhaint. Gearr craobh den bhunphlanda, bain na duilleoga de bhun na craoibhe, agus cuir an gas i múirín tais.



## Beangú

Déantar gearrthóg ó phlanda a bheangú (a nascadh) le gas planda eile. Fásann dromchlaí an dá phlanda isteach ina chéile.

# Bileog Ghníomhaíochta Eolaíochta

Seachtain na Food Dudes

## Cuardach Focal – Atáirgeadh Plandaí

**Ainm** ____________________

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| H | G | I | G | U | H | O | C | S | A | I | G | I | N |
| A | O | B | U | S | A | P | C | B | P | B | T | R | A |
| B | I | P | B | Ú | A | B | N | E | R | E | G | A | R |
| U | P | A | L | T | S | U | I | E | Á | A | Ó | N | A |
| U | N | N | E | A | H | H | D | I | T | N | H | S | B |
| I | A | O | I | L | N | O | E | R | A | G | T | O | Ú |
| P | N | N | B | Ú | U | D | I | D | S | Ú | R | N | I |
| S | C | B | Í | N | A | S | A | A | U | S | R | A | T |
| U | N | I | N | H | A | N | E | R | H | U | A | N | R |
| A | E | A | G | N | A | T | N | S | E | A | E | I | O |
| L | R | N | R | A | A | A | A | D | E | A | G | U | U |
| A | G | P | É | A | C | A | D | H | N | P | T | I | I |
| L | U | A | H | H | I | G | I | A | A | U | N | H | T |
| N | Ú | I | N | N | I | O | E | C | S | I | U | N | A |

BLEIBÍN
GEARRTHÓG
PLANDA REATHA
BEANGÚ
PÉACADH
SÚ TALÚN
OCSAIGIN
OINNIÚN
TEAS
UISCE
PRÁTA
TIÚBAR

Déan cuardach focal de do chuid féin agus tabhair do do chairde é.

Cé atá in ann an méid is mó focal a aimsiú? Cén duine is tapúla a chríochnóidh an cuardach focal?